



## 1. Polasaí:

- Ba cheart obair scríofa a bheith tugtha dos na ndaltaí ar bhonn rialta ag braithint ar riachtanaisí an abhair agus an topaic faoi chaibidil.
- Má thugtar obair foglamtha nó léitheoireacht ba choir go mbeadh aidhm chinnte leis.
- Ba cheart go mbeadh an obair bunaithe ar nó ceangailte leis an ábhar ranga nó mar reamh-ullmhúcháin don chéad topaic eile.
- De réir taighde bíonn tairbhe sa bhreis ag baint le méideanna níos lú oibre go rialta i gcompráid le méid mór oibre go neamh-rialta.
- Nuair a thugtar obair bhaile don dalta sé polasaí na scoile ná go scriobhfadh sé/sí isteach sa Dhialann Scoile é.

## 2. Rólanna/freagracht na bpáirtithe éagsúla:

- Tá freagracht ann a bhaineann leis na daltaí, na tuistí/caomhnóirí, na múinteoirí, agus an Bord Bainistíochta.
- Caithfidh na **daltaí** fíor-iarracht mhacánta a dhéanamh chun an obair bhaile a chur i gcrích taobh istigh de thréimhse ama cinnte. Cuid de seo ná a chinntiú roimh an scoil a fhágaint go dtuigeann sé an obair bhaile.
- Agus an obair bhaile á cheartú sa rang ba cheart go mbeadh an **dalta** gníomhach, mar shampla tré féin-cheartú nó tré moltaí an mhuinteora a léamh agus a fhiosrú.

- Sa chás nach bhfuil an **dalta** in ann an obair bhaile a chur i gcrích de bharr tinneas nó a leithéid ba choir nóta a bheith aige nó aici ón **tuismitheoir/caomhnóir** chun é sin a rá leis an muinteoir.
- Muna bhfuil leithscéal sásúil faighte d'fheadfadh an **múinteoir** breis oibre oiriúnach a thabhairt
- Cathfidh an tuismitheoir/caomhnóir tacú le polasaí na scoile agus seicéail go bhfuil obair bhaile á dheánamh ag an ndalta.
- I gcásanna ina bhfuil pátrún rialta d'easpa oibre beidh céimeanna níos dáiríre le tógaint ina measc géibheann scoile.
- Is dea-nós **múinteoireachta** cuntas a choiméad faoin saghas obair bhaile, caighdeán agus marcanna.
- Mar aon le sin ba cheart don **fhoireann** tréimhsí a chaitheamh ag múineadh scileanna staidéir nó ceardlann a reachtáil.
- Seo a leanas moladh faoin méid oibre ba cheart go mbeadh daltaí ag déanamh
  - BI 1 – Idir 1.5 agus 2 ur
  - BI 2 – Idir 2 agus 3 ur
  - BI 3 – Idir 3 agus 3.5 ur
  - BI 4 – Idir 1.5 agus 2 ur \*
  - BI 5 – Idir 3 agus 3.5 ur (íosmhéid)
  - BI 6 – idir 3.5 agus 4 (íosmhéid)
- Bíonn éagsúlacht d'obair ag an t-idirbhliain agus braithin an méid obair bhaile ar tionscnamh, comórtasaí agus eachtraí taobh amuigh de na ghnáth-abhair.

### **I bhfeidhm ó 2010**

**Athbhreithniú déanta: Feabhra 2012**

**Athbhreithniú eile: Feabhra 2014**

\_\_\_\_\_ **Cathaoirleach** . \_\_\_\_\_ **Dáta**